



**ATHBHLIAIN  
2014  
FAOI MHAISE  
DAOIBH**

**TAOBH ISTIGH:**

Ceacht beag	2
Ranganna Gaeilge	2
Foreigners learning Irish	2
Páirc an Fhionnuisce	3
Scéal grinn	3
Turas chuig an Tuaisceart	4
Na Cnocadóirí	5
An bhliain romhainn	5
An Ghaeilge i nDomhnach Míde	6
Bóthar chun treo nua?	7
An tOireachtas	8
Popcheoil	8
Scéal uafáis ó Éadan Doire	9
Crosfhocal & Cuardach fhocal	10
J.K. Rowling	11
Oideas bia	11
Jack McCaffrey — réalta peile na DUBS	12
Peil Mheiriceánach	12



# AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*

IMLEABHAR | EAGRÁN |

EANÁIR 2014

## BLIAIN NUA, RÚN NUA – LABHAIR GAEILGE

San am seo den bhliain bíonn daoine ag déanamh rún - níos mó leabhar a léamh, níos mó aclaíochta a dhéanamh, bheith níos cúramaí leis an mbia a d'itheann siad, níos lú beorach agus fiona a ól agus mar sin de. Mar ghrúpa daoine a bhí báuil don Ghaeilge d'ólar a lán caife agus tae anuraidh agus bhí an-chaint againn. Bhíomar ag freastal ar maidineacha caife agus ciorcail chomhrá ach cheapamar go raibh gá le rud éigin eile a bheadh mar nasc idir na grúpaí éagsúla. Shochraíomar ar thionscnamh a thosú, 'sé sin, iris bheag a fhoilsiú i 2014 do chairde na Gaeilge mar sinne, eagrán in aghaidh na míosa. Seo í an chéad eagrán!



Bí páirteach sa nuachtlitir - cuir chugainn do thuairimí. Is mar áis do na daoine atá báuil don Ghaeilge agus atá ag iarraidh an méid den teanga atá fós acu a úsáid atá an iris seo dírithe. Bígí linn agus seol chugainn bhur smaointí agus moltaí agus fiú bhur scéalta féin i gcómhair foilsiú. Cuirigí bhur ríomhphostanna go dtí -

[antaobhothuaidh2014@gmail.com](mailto:antaobhothuaidh2014@gmail.com)

Táimid ag feitheamh leo!

B'iad na Rómhánaigh a thosaigh ag ceiliúradh na bliana nua ar an chéad lá d'Eanáir in 153 RC. Shocraigh Julius Caesar ar an lá céanna sa bhféilire a bhunaigh seisean. Nuair a rinne an Pápa Gréagóir leasú ar an fhéilire seo i 1582 AD ba é an t-aonú lá d'Eanáir Lá Chinn Bliana. Roimhe sin is ar an 25ú lá de Mhárta a thosaigh an bhliain nua do Chríostaithe. Ghlac Albain leis an data nua i 1600 AD ach níor tháinig sé i bhfeidhm i Sasana (agus in Éirinn) go dtí 1752 AD. Tagann an t-ainm, Eanáir ó Ianuarius, dia rómhánach doras ("ianua" an focal Laidineach do "doras") agus dia tús agus deirí. Tugadh dhá aghaidh dó, ceann ag féachaint siar agus an ceann eile ag féachaint i dtreo na dtodhchaí. Béimid ag féachaint siar sa stair agus amach romhainn san iris seo. Má éiríonn linn, b'fhéidir go mbeidh sé ar an bhfód i 2015. Braitheann sin ar cé mhéad daoine a bhainfidh úsáid as.

## CEACHT BEAG NA GAEILGE - HOW DO YOU SAY "YES" AND "NO"?



## RANGANNA GAEILGE

## BÁC 1

People's College,  
Cearnóg Pharnell,  
info@peoplescollege.ie

## BÁC 3

An Briathar Beo,  
Áras CLG Cluain Tarbh,  
Luan, Máirt, agus rang  
gramadaí gach dara  
seachtain ar an Máirt,  
8.30 -10.00 pm  
087 1210491

CLASACH,  
Bóthar Ailf Uí Bhroin,  
gach chéad Máirt den mhí  
7.00 -8.00 pm.  
01-8363060

Is é an chéad rud ar chóir a rá ná - nach bhfuil aon fhocal ann sa Ghaeilge ar 'yes' agus 'no'. Cinnte, cloistear daoine ag rá 'sea' mar fhreagra ar chuile rud ach níl sé seo ceart.

Má theastaíonn uait 'yes' agus 'no' a rá, **freagraíonn tú leis an mbriathar.** Mar shampla, mar fhreagra ar an gceist

'an ólann tú beoir?' freagraíonn tú le 'ólaim'.  
(*'do you drink beer? - I drink'*),  
'ar thaitin an scannán leat?' do thaitin'  
(*'did you enjoy the film? - I did /I enjoyed'*),  
an scríobhann tú dánta? ní scríobhaim  
(*'do you write poems? - I don't write /no'*).

Ní úsáidtear 'sea' agus 'ní hea' ach amháin nuair a bhíonn tú ag tabhairt freagra ar an **tag question** 'an ea? nach ea?' (*is it? isn't it?*), i.e.

*sin é do chóta an ea? 'sea, is liomsa an cóta sin/ní hea, ní liomsa an cóta sin' (that's your coat, isn't it? - yes, that's my coat / no, that's not my coat).*

Deirtear '**tá**' agus '**níl**' mar fhreagra ar na gceisteanna 'an bhfuil?' nó 'nach bhfuil?' i.e. *an bhfuil tú ag dul go dtí na Dubs amárach? tá / tá mé / táim; níl / níl mé / nílím (are you going to the Dubs tomorrow? I am / yes I'm not / no)* Níl sé comh deacair sin - nach bhfuil?

## TÁ BEAGÁN GAEILGE AG GACH ÉINNE

Tá cumas labhairt na Gaeilge ag an-chuid daoine ach iad a ngríosú chun í a labhairt. Dá mbeidís in ann a rá i bhFraincis nó i nGearmáinis nó i Spáinnis a bhfuil siad in ann a rá as Gaeilge, bheidís ag dul thart ag maíomh go raibh roinnt Fraincis nó Gearmáinis nó Spáinnis acu. Mar sin, caithimis uainn an smaoineamh diúltach sin 'nach dtuigeann éinne Gaeilge' - má bhí an tuiscint sin againn ar chor ar bith. Mar ní bhíonn fhios agat riamh cé leis a mbíonn tú ag caint nó cé a mbíonn ag éisteacht leat. Tá sé seo cruthaithe arís agus arís eile sna ciorcail chomhrá agus sna maidineacha caife. Chomh luath agus a thosaíonn duine ag iarraidh an Ghaeilge a labhairt, tagann sí ar ais chuige nó chuici ar nós na gaoithe. Mar a deir an tseanfocal — "sé an cleachtadh a dhéanann máistreacht" — *practice makes perfect!*

## FOREIGNERS LEARNING IRISH..... ?

Beidh sé ina chúis ionaidh do neart daoine an méid fear agus ban nach Éireannaigh iad, agus atá curtha fúthu in Éirinn, atá ag cur suim sa Ghaeilge. Dóibh siúd, ní rud neamhghnách é tabhairt faoi theanga eile, go mórmhór daoine ón Mór Roinn. Seo thíos samplaí d'fhocal atá riachtanach:

## GAEILGE

Dia duit!  
slán leat  
le do thoil  
go raibh maith agat  
cá bhfuil an... ?  
cén fáth...?  
mar...

## RÚISÍS

здравствуйте!  
до свидания  
пожалуйста  
спасибо  
где есть...?  
почему...?  
почему что...

## CYMRAEG

s'mae  
da bo ti  
os gwelwch chin da  
diolch  
ble mae...?  
pam...?  
oherwydd...

## POLSKI

cześć  
do widzenia  
proszę  
dziękuję  
gdzie jest...?  
dla czego...?  
dlatego że...

## FRANÇAIS


bonjour!  
au revoir  
si vous plaît  
merci  
où est la ...?  
pourquoi...?  
parce que...



## PÁIRC AN FHIONNUISCE - BAILE ÁTHA CLIATH

Is é ceann de na páirceanna ráillithe is mó san Eoraip é, murach sa domhan. Clúdaíonn sí níos mó ná 1700 acra agus is áis iontach í do dhaoine tamall a chaith ann sa dea-aimsir nuair a bhíonn an t-am acu. Ba i 1662 a leagadh amach an pháirc ar ordúithe an Rí Cathal II. Bhíodh sé ina dtalamh fiaigh sa tseanaimsir agus fós tá tréada fianna fionn le breathnú ag fánaíocht thart. Is iomaí rud a fheictear ann. Mar shampla, tá áit cónaithe Uachtaráin na hÉireann, Áras an Uachtaráin, ann chomh maith leis an áit cónaithe oifigiúil Ambasadóra Stát Aontaithe Mheiriceá gan trácht ar an Pháirc mar ionad ceanncheathrú an Gharda Síochána. Tá achar talaimh ann ar a dtugtar *the fifteen acres* áit a n-imrítear gach saghas spóirt, an cruicéad agus daorchluiche (*baseball*) Mheiriceá, cluiche na gcapall póló agus peil agus ó am go chéile bíonn rásaí rothar á reáchtáil ann. Is cúis ionadh é d'eachtrannaigh nuair nach bhfeiceann siad ach scataí beag daoine ann ag spaisteoireacht i rith na seachtaine ach 'sé an fáth ar sin ná b'fhéidir go mbíonn daoine ar obair nó ar scoil agus chomh maith le sin níl daonra BhÁC rómhór i gcomparáid le príomhchathracha eile. Má tá suim agat sa dúlra tá réimse leathan crann agus plandaí le feiceáil ann ach 'sé an rud is mó tarraingt air ná Gairdín na nAinmhithe atá suite beagán istigh ó gheata an Cuar Bhóthar Thuaidh. Tá clú agus cáil ar Ghairdín na nAinmhithe, Baile Átha Cliath, le fada mar áit a dtéann thar fóir ó thaobh cúram na nainmhithe de. Sa bhliain 1979 thug Pápa Eoin Pól II cuairt ar Éirinn agus chas sé le breis is milliúin daoine sa Pháirc sna cúig acra dhéag, áit ar cheiliúir sé Aifreann agus áit ina seasann cros mhór anois ar a dtugtar 'The Pope's Cross'. Gan amhras tá an t-ádh ag an gcathair seo áit mar Pháirc an Fhionnuisce a bheith aici.



**2014** Bliain Nua na Síneach — Bliain an Chapail 馬 

### SCÉAL GRINN ÉIREANNACH: AN NUACHT AR TG4

Tuairiscíodh anois díreach go bhfuil eitleán beag Cessna tar éis tuairteáil isteach sa reilig pharóiste Sciobairín, Co. Corcaigh, trí huairé ó shin. Maraíodh gach éinne a bhí san eitleán. Go dtí seo, tá na Séirbhísí Éigeandála tar éis teacht ar dhá chéad is a seacht gcorp déag agus táthar ag súil go mbeidh ardú suntasach ar an bhfigiúr sin sna huairéanta le teacht!

#### FOCLÓIRÍN:

Scéal Grinn Éireannach — an Irish joke  
tuairiscíodh anois díreach — it has just been reported  
eitleán beag Cessna — a small Cessna aircraft  
tar éis tuairteáil — has crashed  
isteach sa — into the  
reilig pharóiste Sciobairín — Skibareen parish cemetery  
trí huairé ó shin — three hours ago  
maraíodh gach éinne — everybody was killed  
a bhí san eitleán — who was in the aircraft  
go dtí seo — up until now  
na Seirbhísí Éigeandála — the Emergency Services  
tar éis teacht ar — have recovered  
dhá chéad is a seacht gcorp déag — 217 bodies  
táthar ag súil — they expect  
ardú suntasach — a substantial increase  
ar an bhfigiúr sin — on that figure  
sna huairéanta le teacht — in the coming hours



eitleán Cessna

Cad a éiríonn níos fliche agus níos fliche dá mhéad a thriomaíonn sé?

!teagra: tuáille!

Cad a mbíonn ag teacht an t-am go léir ach ní shroicheadh sé ann riamh?

!teagra: amháraithe!



## TURAS CHUIG AN TUAISCEART

Más duine thú atá suim agat sa Ghaeilge caithfidh gur cúis áthais í duit an fhorbairt atá tar éis teacht ar líon na Gaelscoileanna le roinnt mhaith blianta anuas, ní amháin sa Phoblacht ach freisin sna Sé Chontae nó Tuaisceart Éireann mar a thugtar air go hoifigiúil. Bhí deis agam le déanaí le roinnt daoine eile turas a thabhairt ar Ghaelscoil na mBeann i gCill Chaoil, Co. an Dúin, gar do Warrenpoint, áit ar cuireadh fáilte mhór romhainn. Chun tábhacht an turais a thuiscint i gceart ní mór stair na háite nó stair an Tuaisceirt a thuiscint. Is ceantar Dílseachta é an limistéar sin agus ní bhítear róshásta le taispeántas ar bith don chultúr Gaelach. Ar aon nós, tá cead ag Caitlicigh agus Náisiúnaithe a gcultúr a chaitheamh go hoscailte anois mar thoradh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Ar dtús thugamar cuairt ar ionad beag sóisialta gar don scoil atá á fhorbairt ag na Gaeilgeoirí mar ionad teagmhála treaspobail. Cuireadh tae, caife agus cistí ar fáil dúinn, rud a ghlacamar go fonnmar leo mar bhíomar éirithe ó moch na maidine. Insíodh dúinn go bhfuil sé beartaithe an áit a leathnú amach sa todhchaí chun níos mó spáis a bheith acu dá cuid imeachtaí sóisialta. I ndiaidh ghrianghraif a thógáil thugamar aghaidh ar an nGaelscoil féin.

Ar a theacht dúinn ag an scoil bhí an-áthas ar fhoireann na scoile sinn a fheiceáil. Nuair a chuamar isteach sa scoil bhí an Ghaeilge le feiceáil mórthimpeall agus, ar ndóigh, le cloisteáil ó na múinteoirí scoile. Bhí an Ghaeilge le feiceáil ar chomharthaí simplí ar na doirse, ar na mballaí, ar na fuinneoga agus fiú lasmuigh den scoil. Bhí an Ghaeilge á labhairt gan stró go breá nádúrtha ag an bhfoireann agus ba léir gurb í a dteanga féin a bhí á labhairt acu. Mar a dúirt duine amháin liom *'this is our first language'*. D'ainneoin gur an Satharn a bhí ann tháinig scata beag daltaí óga isteach, idir cailíní agus buachaillí, iad go léir sciobtha scuabtha, gléasta go deas néata os comhair na baicle seo ó BhÁC agus chan siad amhrán dúinn. Ag éisteacht leis na glórtha binne seo bhí fhios againn ansin gur in Éirinn na nGael a bhíomar agus ní in Éirinn na nGall.



Bhí an bród agus an tiomnú le mothú sa scoil lán-Ghaeilge seo. Tá sé deacair gan teacht ar an tuairim go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil arís le himeacht aimsire sa limistéar álainn seo. bml

GAELÁRAS MHIC ARDGHAIL, AN IÚR



MEÁN FÓMHAIR, 2014

Sa ghrianghraf thuas - cuairteoirí ó BhÁC ar an turas eagraithe ag Muintir Chluain Tarbh,

[www.cnocadoiri.com](http://www.cnocadoiri.com)

## NA CNOCADÓIRÍ

[www.cnocadoiri.com](http://www.cnocadoiri.com)

Deich mbliana ó shin thosaigh grúpa againn, a raibh suim againn sa Ghaeilge agus sna sléibhte, ag dul amach ag siúl. Táimid fós ag siúl. Chuireamar ainm ar an ngrúpa - Na Cnocadóirí.

Téimid amach ag siúl thar na sléibhte uair amháin gach coicís, ar an Domhnach agus i gCill Mhantáin den chuid is mó. Uaireanta téimid píosa beag níos faide, e.g. go dtí na Beanna Boirche, Sliabh Bladhma. Cúpla uair sa bhliain eagraímid deireadh seachtaine cnocadóireachta in áiteanna mar Chonamara, mar Mhaigh Eo nó mar Dhún na nGall – aon áit a bhfuil sléibhte inti. Cúpla uair go dtí seo chuamar go dtí an Bhreatain Bheag. Téimid níos faide fós. Chuamar ag siúl ar feadh seachtaine sna hAlpa – rinneamar é sin faoi dhó.

Bíonn siúlóidí éasca againn chomh maith, mar shampla ar bhruach na gcanálacha, Binn Éadair, Ceann Bhré. Bíonn siúlóidí oiriúnacha againn do gach aon duine. Ar ndóigh bíonn ócáidí sóisialta againn ar aon leis na siúlóidí.

Níos tábhachtaí fós, ní chloistear ach Gaeilge amháin ar na siúlóidí.

I 2014 beidh siúlóid sléibhe againn ar na dátaí seo – Eanáir 12 agus 26, Feabhra 9 agus 23, Márta 9 agus 23. Beidh siúlóid éasca ar na dátaí seo - Eanáir 19, Feabhra 16 agus Márta 30. Chomh maith le sin eagróimid deireadh seachtaine sna Cruacha Gorma i nDún na nGall i mí Bhealtaine. Faoi láthair táimid ag caint faoi thuras go dtí na Piréiní i dtuaisceart na Spáinne sa samhradh.

Ma tá suim agat teacht ag siúl linn téigh chuig ár suíomh [www.cnocadoiri.com](http://www.cnocadoiri.com) chun na dátaí a dhearbhu. Tá an t-eolas go léir ar fáil ansin, agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gClub tríd an suíomh.

Táimid ag siúl le tusa a fheiceáil amuigh ar na sléibhte linn.

sóf



rún eile  
b'fhéidir don  
athbhliain  
seachas an  
ceann is  
tábhachtaí ar  
leathanach a  
h-aon, 'sé sin  
an 'Ghaeilge a  
labhairt', ná  
go dtugaimís  
níos mó ama  
leis an  
tsiúlóid!



## AN BHLIAIN ROMHAINN

- In Éirinn:** Comóradh Mílaoise Chath Chluain Tarbh 1014  
Comóradh 150 bliain de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann i 1864.  
Céad is a deich mbliana ó osclaíodh Amharclann na Mainistreach i 1904  
Céad bliain ó Cheannairc an Churraigh (“[Curragh Mutiny](#)”) i 1914
- In Albain:** Comóradh an chatha ag Allt a’ Bhonnaich ([Bannockburn](#)) i 1314, a bhuaigh neamhspléachas don tír ó Shasana.  
Reifreann i mí Mhéan Fómhair féachaint an bhfuil mian ag na hAlbanaigh a neamhspléachas a bheith acu arís — bliain na cinniúna dóibhse cinnte
- San Eoraip:** Comóradh céad bliain ó thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda i 1914. Maraíodh na mílte Éireannaigh sa chogadh uafásach sin.
- Sna Stáit Aontaithe:** 350 bliain ó shin, sa bhliain 1714 bhí an bunú Ollannach Nieuw-Amsterdam ar an Abhainn Hudson athainmnithe mar New York ag an [Duke of York](#), tar éis dó seilbh a ghlacadh ar an áit lena n-arm.

## AN GHAeilGE I NDOMHNACH MÍDE



### GEARRSTAIR AN CHEANTAIR

Tá Domhnach Míde suite idir Ráth Eanaigh agus Baile Dúil i gceantar Bhaile Átha Chliath 13. Daichead bliain ó shin ní raibh ann ach páirceanna le tithe móra agus tithe coiteora (*labourer's*). Tá cuid de na teachíní fós le feiceáil taobh le Bóthar Pholl an Bhalla. Thosaigh siad ag tógáil eastáit tithíochta sa cheantar sna seachtóidí – na Domhnachaí, Mainistir na Gráinsí, Sruthán an Mhuilinn, agus ar aoile. Tá fothrach Mhainistir na Gráinsí ann, a deirtear a bhí ina séipéal do Phríóireacht na Naomh Uile (mar atá Coláiste na Tríonóide anois). Tá sé ina fhothrach ó 1615. Tá tobar Naoimh Donagh ann freisin. Deirtear go leigheasfeadh uisce ón tobar na súile. In 2009 osclaíodh Páirc an Athar Uí Choileáin, an chéad “pháirc inbhuanaithe (*sustainable*)” in Éirinn le chúig thuirbín gaoithe ag cur leictreachais ar fáil don pháirc. Tá clubanna do spóirt éagsúla ann agus Ionad Siopadóireachta sa pharóiste freisin.

### GAELCHOLÁISTE REACHRANN

Bunaíodh Gaelcholáiste Reachrann i nDomhnach Míde i 2001 le 18 dalta tar éis feachtais fhada ó thuismitheoirí chun coláiste lán-Ghaeilge a chur ar fáil dá bpáistí sa cheantar. Tá an coláiste ag fás ó shin agus anois tá 340 dalta acu, todhchaí na teanga. Tugann an fhoireann ilchumasach gach tacaíocht do na daltaí a mbuanna uile a fhorbairt idir spórt, ealaín agus eolaíocht.

### GAELSCOIL MÍDE

#### AN SCOIL A D'IMIGH AR AISTEAR!

Rinneadh iarracht na blianta ó shin sruth Gaeilge a chur ar fáil i gceann de na mbunscoil sa cheantar ach níor tugadh cead don scéim. Bhunaigh tuismitheoirí, Beití Mhic Mhathúna ina measc, bunscoil, Gaelscoil Míde, ansin ar shuíomh sealadach i Ráth Eanaigh. Bhog an scoil go Baile Dúill ar feadh tamaill sula shochraigh sé síos faoi dheireadh i gCill Bharróg. Tá 235 dalta ann faoi láthair.

### AN CIORCAL COMHRÁ

Bíonn deis ag daoine a Gaeilge a chleachtadh gach Luan ó 6.30—8.00 pm sa Leabharlann thuas staighre san Ionad Siopadóireachta, Domhnach Míde. Tá fáilte roimh chách. Beidh seans agat bualadh le daoine, do “chúpla focal” a úsáid agus, b'fhéidir, cúpla focal eile a fhoghlaim!

*Bí linn le haghaidh comhrá agus spraoi!*



**KAYS**  
Real Chefs, Real Food



### MAIDIN CHAIFE — KAY'S KITCHEN

Deir an seanfhocal “*patience is a virtue, catch it if you can — seldom in a woman but never in a man*” (agus ná hiarraigí orm anois é sin a rá as Gaeilge!). Ach is fíor freisin an nath eile – “*if at first you don't succeed, try, try again*”. Thart ar bhliain ó shin chuireamar tús le ‘maidin chaife’ in áit áirithe agus bhí theip ghlan uirthi. Mar sin, d'athraíomar an rud go dtí áit eile maidin eile. Chuamar thall go dtí **Kay's Kitchen** san Ionad Siopadóireachta Domhnach Míde amuigh i mBÁC13. Mar a tharlaíonn, bhí sé mall go leor ar dtús agus gan ach beirt nó triúr fear ann gach Satharn. I ndáiríre, bhíomar ag éirí bréan de bheith ag féachaint ar a chéile seachtain i ndiaidh seachtaine.

Ach ansin tharla rud aisteach (nó b'fhéidir nach bhfuil sé chomh haisteach sin), thosaigh na mná ag teacht, daoine a bhí páistí nó garpháistí ar scoil acu agus ar theastaigh uathu roinnt Gaeilge a fháil. Agus anuas ar sin, tógann cuid de na mná a bhfir chéile leo ó am go ham. Inniu, tá níos mó mná ann ná mar atá fir agus bíonn de ghnáth cúigear fear ann. Tá ag éirí thar barr leis anois a bhuí le beirt fhear áitiúla, Ray Ó Cheallaigh agus Pádraig McHale agus beirt bhan, Anne Davis agus a cara, Carmel Trehy. Uaireanta fiú, tagann daoine trasna chugainn agus miongháire ar a mbéil acu agus an cheist “Sin í an Ghaeilge atá á labhairt agaibh, nach í?” Ach 'sé an rud is iontaí faoi seo go léir ná go mbíonn an Ghaeilge á chloisteáil i gcomhthéacs sóisialta taobh amuigh den rang scoile den chéad uair riamh b'fhéidir ag na daoine mór thimpeall ort, rud a chothaíonn dea-phoiblíocht agus bolscaireacht don teanga.

## BÓTHAR CHUN TREO NUA?

Scott de Buitléir

Roinnt seachtainí ó shin, d'fhógair an tAire Iompair, Leo Varadkar, chun comharthaí bóithre nua a chur ar taispeáint go luath timpeall na tíre. Ábhar mór cainte – agus cáinte – a bhí ann do mhuintir na hÉireann, ábhar a spreag go leor daoine chun litreacha gearáin a scríobh isteach chuig eagarthóirí nuachtán. Céard go baileach, mar sin, a bhí ar na comharthaí seo, chun an sórt cainte seo a spreagadh? An freagra: Leagan amach níos cothroime idir na logainmneacha Gaeilge agus Béarla.



De réir na litreacha a seoladh isteach chuig The Irish Times agus an Irish Independent (agus roinnt nuachtán eile, gan dabht), chuirfeadh an leagan amach nua seo – le “Gaeilge níos feiceálaí”, mar a dúirt Varadkar féin – mearbhall ar thiománaithe ar fud na hÉireann. Chuirfeadh sé mearbhall ar thurasóirí a thagann chun na hÉireann le haghaidh laethanta saoire agus mearbhall ar gach éinne seachas na Gaeilgeoirí, mar labhraítear Béarla sa tír seo. Is trua don lucht gearáin, mar sin, nach bhfuil ciall ar bith lena chuid cáinte.

Tá dearadh nua Varadkar bunaithe ar na comharthaí bóithre atá ar taispeáint cheana féin sa Bhreatain Bheag agus in Albain; tá *an Gàidhlig* agus an Béarla ar chomhchéim lena chéile, iad le feiceáil go soiléir i n*Gàidhealtachd* na hAlban. Tá fógraíocht dhátheangach nua tógtha timpeall chathair Bhaile Átha Cliath le déanaí do thurasóirí, agus is cosúil nach gcuireann sí isteach ar eachtrannaigh ná Béarlóirí. Agus céard é an chéad fhocal Gaeilge a fhoghlaimíonn eachtrannaigh? 'Sláinte!' Ní dóigh liom go mbíonn aon eagla orthu roimh ár dteanga!

Gníomhaí teanga as an ngnáth is ea Leo Varadkar, duine nach raibh mé ag súil le go gcuirfeadh sé an Ghaeilge chun cinn. Fáiltím roimh a chuid oibre, áfach, agus táim ag súil le treo nua an Rialtas seo i leith na teanga.



Comharthaí dátheangach mar atá siad faoi láthair ar fud na tíre

## AN tOIREACHTAS AGUS “AN FEAR AS CONTAE AN CHLÁIR”.

Mí na Samhna 2013

Nach mbuaileann tú le daoine an-suimiúil ag an Oireachtas. Tá scéal amháin agam faoi fhear a bhuaileas leis ag an fhéile. ‘Sé an fear ná Pádraig Ó Gráda ón chontae álainn sin, An Clár. Tá sé gaotha leis an scríbhneoir cáiliúil Máiréad Ní Ghráda (1896-1971) a scríobh *An Triail*, agus tá sé ina chónaí sa teach céanna inar chónaigh Máiréad. ‘Sé an scéal a bhí aige ná go raibh sé ina feirmeoir ach bhí sé deacair na ba a coimeád, mar sin do dhíol sé na beithígh, ach anois cad ba cheart a dhéanamh leis an chró. Bhuel do las solas ina aigne ‘*déanfaidh mé halla damhsa as, agus beidh céilí agus áit bualadh le céile*’ ann do dhaoine áitiúil’. Anois, caithfidh tú a thuiscint nach bhfuil Pádraig ar thaobh bóthar mór ach ar bhóithrín amach faoin tuath in aice le Cill Mháille. Ar aon nós chun treoracha a thabhairt do dhaoine, bhí air comharthí bóithre a dhéanamh. Mar fheirmeoir é, bhí málaí leasacháin folamh fágtha aige do 10-10-20 tar éis é a scaipeadh amach ar na páirceanna. Mar sin, dobé ainm a thug sé ar an áit ná 10-10-20, agus úsáid sé na málaí mar chomharthaí bóithre. Rinne duine éigin píosa fiseán d’Oíche Ceol sa Chró agus chur sé ar Ú-tube é. Bhuel, nár bhfaca grúpa cuairteoirí ó Mheiriceá é ar Ú-tube agus ní rabhadar sásta ach bus mór agus tiománaí a fháil in Inis agus amach leo go halla 10-10-20. Nuair a bhí an tiománaí in aice a cheann scríbe, bhí an bóithrín ag éirí níos cúinge, agus bhí air an bus a stopadh. Do shiúil na cuairteoirí ó Mheiriceá an chuid eile den tslí go dtí an halla agus bhíodar ábalta taitneamh a bhaint as féachaint ar na réaltaí sa spéir shoiléir, rud nach bhfuil le fáil acu sa bhaile. Nuair a shroicheadar an halla (cró 10-10-20 mór rompu), bhí oíche thar barr acu ag rince agus scéal iontach acu do na daoine ar ais abhaile sna Stáit Aontaithe.



aósh

### MEÁIN CHLÓITE

#### Comhar

[www.iriscomhar.com](http://www.iriscomhar.com)

**Feasta** [www.feasta.ie](http://www.feasta.ie)

#### An t-Ultach

[www.antultach.wordpress.com](http://www.antultach.wordpress.com)

#### An Gael (SAM)

[www.angaelmagazine.com](http://www.angaelmagazine.com)

**Saol** (ar idirlín) [www.saol.com](http://www.saol.com)

**Beo** (ar idirlín) [www.beo.ie](http://www.beo.ie)



NUAHT ÁTHA CLIATH



### POPCHEOIL



‘Popcheoil’ - cad is brí leis an téarma seo? Is í an bhrí iomlán í ná ‘popular music’. Ach d’fhéadfadh é seo bheith beagánín míchruinn mar is é an mórthuiscint ar ‘popcheoil’ sna laethanta seo ná ceol a bhfuil an-tóir ag daoine óga air. Ach, agus seo an rud, an gciallaíonn sin nach raibh riamh, roimh theacht **Bill Haley and the Comets** agus **Little Richard**, srl., nach raibh ceol ann nach raibh éileamh mór air chomh maith. Ceol nach raibh ‘popular’ ansin? - abrais mar shampla sna daichidí, na tríochaidí agus fiú sna fichidí - am an *Charlston* agus mar sin de? Nárbh fhéidir a rá gur ‘popcheoil’ an ama sin a bhí iontu siúd? N’fheadair, cad a thabharfaí ar a leithéid de André Rieu nó Johann Strauss?



Agus ar cheist an cheoil, ná déanaigí dearmad go bhfuil an **Temple Bar Trad Fest** ar siúl ón 22 go dtí 26 Eanáir. Tarraingíonn an fhéile seo neart daoine ó gach cearn den tír agus ó thar lear chomh maith. I measc iad siúd a mbeidh le feiceáil agus le cloisteáil i mblíana tá **Stocktons Wing**, Paul Brady agus an banna ceoil ban cáiliúil sin, Macalla, Mar sin, más é spraoi agus craic atá uait, buail thíos chuig Barra an Teampaill.



**ÉISTIMÍS LE:**

“ar muin na muice”

**NEARfm. 90.3**

gach lá 5.30 pm

**Raidio  
na Gaeltachta**  
92.8 fm**Raidio na Life**  
106.4 fm**Splanc -Newstalk**  
106 - 108fm  
Aoine 9.00 -11.00pm**Leid duit!**

Ar mhaith leat an Ghaeilge a chloisteáil á labhairt ar sráideanna Bhaile Átha Cliath arís? Ba mhaith? Bhuel, seo an chéad chéim - cén fáth nach ndeir tú 'go raibh maith agat' in ionad 'thank you' agus tú i siopa, sa bhus, i ndeochlann, le do chlann agus le do chairde. Tá sé éasca go leor agus tuigeann gach éinne cad is brí le 'go raibh maith agat'.

**Cogar !**

An bhfuil scéal agat? nó ar tharla rud éigin neamhghnách duit? Cuir chugainn é - seoladh r-phost thíos

**Scéal Uafáis ó Éadan Doire i gCo. Uibh Fháile** (Deireadh Fómhair 2013)

Chuala mé droch scéal faoi shaol na lachan in Éadan Doire i gCo. Uibh Fháile. Cúpla bliain ó shin do chin duine deas éigin in Éadan Doire go mba mhaith an rud é dá má rud é go raibh lachain le feiscint i gcuan nó i gcalafort ar an gCanál Mhóir sa bhaile sin, agus cuireadh lachain idir bhardail agus tonóga isteach sa chalafoirt sin. Bhí pobal na háite thar a bheith sásta leis an scéal sin ar fad ar feadh dhá bhliain, ach anois an nuacht truamhéaleach a chualamar inné ná nach bhfuil níos lú ná fiche den mhéid lachan a bhí ann fágtha, thart ar cheathracha an uimhir a bhí ann, agus tá pobal na háite ag rá nach bhfuil ach ocht lacha dhéag fós ann agus dhá lacha fichead ar iarraidh.

lacha - *duck*, cinn - *decide*, calafort - *harbour*, Canál Mhór - *Grand Canal*, idir bhardáil & tonóga - both drakes and female ducks, truamhéileach - miserable, dhá lacha fichead, *22 ducks*, ar iarraidh - *missing*

Sa tuairisc a chuala mé ar an raidió, dúradh go bhfuarthas uimhir neamhshonraithe de chinn lachan timpeall an chalafoirt. Is féidir a rá go cinnte go bhfuil an méid neamhshonraithe sin díobh marbh toisc gur fíor nach bhfaca aon duine riamh lacha bheo gan ceann uirthi. Don mhéid atá ar iarraidh agus gan a fhios againn an bhfuil a gcinn orthu nó nach bhfuil, b'fhéidir go bhfuil siad beo agus go ndeachaigh siad leo as an gcuan sin an uair gur chuala siad na vácanna deireanacha ó ghoib a gcairde agus go bhfaca siad an duine le scian á ndícheannú.

dúradh - *it was said*, go bhfuarthas - *that was / were found*, neamhshonraithe - *unspecified*, vác deireannach - *last quack*, gob - *beak*, á ndícheannú - *being beheaded* á - *being done*

Agus an bhfuilimid cinnte gur dhuine a rinne é agus nach ainmhithe fiáin, cuir i gcás, madra rua. Nach maith le Donncha Sionnach dinnéar breá de lacha a bheith aige. Ach deirtear go bhfuil sé soiléir gur baineadh feidhm as scian agus ní le fiacla sionnaigh chun na h-éin seo a dhícheannú agus toisc nach raibh aon chuid de chorp na lachan le feiscint in áit ar bith, is féidir a bheith cinnte go raibh béile breá de '*canard à l'orange avec de la belle sauce*' ar an mbiachlár ag an bhfear a rinne an slad i gcóir a dhinnéar.

Donncha Sionnach - *Reynard the Fox*, fiacla sionnaigh - *fox teeth*, biachlár - *menu*, slad - *pillage / plunder*

Ach más sin an scéal ar an slad a rinneadh ar na lachain in Éadan Doire mar a chuala mé ar maidin é ó Raidió Éireann (nó Raidió One mar a deir na daoine óga anois), scéal eile ar fad a chuala mé ó Newstalk One-O-Six níos déanaí sa ló - "*Dead Ducks Found Beheaded in Edenderry*" atá ann, ní bhfuarthas aon chuid de chorp d'aon lacha ach amháin a gcinn. Caithfear an píosa sin a cheartú - nach é an scéal ceart ná: "*Dead Ducks Found Beducked in Edenderry!*"

dmacg

*Eag:* agus sinn ag dul i mbun cló, ní raibh duine ar bith cúisithe ag na Gardaí as an ndrochéacht seo.

**Frása deas: “Táim ag titim as mo sheasamh!” - “I'm falling out of my standing!”**


**Rang Gaeilge gach oíche Luain 7-8.15 pm, Cumann Lúthchleas Gael Pharnell, An Chúlóg, BÁC 5. Ciorcal comhrá gach Déardaoin, 11.30am, An Leabharlann, Sráid Mhór, Mullach Íde, Co. BhÁC. Maidin chaife gach maidin Mháirt, 11.00 am, SPAR (An Triantán), Ragnallach, BÁC 6. Ciorcal comhrá, gach tráthnóna Déardaoin, 3.00 pm, An Leabharlann, Baile Munna, BÁC 11.**



# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-1

TRASNA

SÍOS



1	house (5)	2	heart (4)
6	hot (2)	3	man (4)
7	cupboard (5)	4	fence (3)
9	fit (5)	5	potato (5)
10	vision (3)	7	comb (4)
12	shoes (5)	8	blue (4)
14	pig (3)	11	sugar (6)
16	apple (3)	13	sun (5)
19	bad (3)	15	sleep (7)
20	slaughter (2)	17	hand (4)
21	glass (6)	18	melon (10)
22	boat (3)	21	steam (3)
23	library (11)	22	year (6)
27	platform (5)	24	cow (2)
28	grey (5)	25	shepherd (5)
31	stove (4)	26	song (6)
32	royal (5)	28	damage (4)
33	taut (4)	29	the (2)
34	violence (9)	30	bare (5)
35	tin (4)	31	fairy (4)

## CEIST CHOMHAIRIMH

Dar leis an amhrán traidisiúnta, ar an gcéad lá de Nollaig (25 Nollaig), chuir mo leannán dom patraise i gcrann piorraí. Thar Dhá Lá Déag na Nollag cé mhéad bronntanas a fuair mé in iomlán????



## CUARDACH FOCAL 1

séasúir/seasons, míonna/months, laethanta/days

A	D	N	É	R	N	A	U	L	N	S	É
L	N	O	R	I	Á	N	A	E	Á	E	A
I	I	L	M	R	Ó	L	O	A	E	R	M
Ú	A	L	Í	H	B	H	I	R	R	Á	A
I	H	A	M	T	N	A	N	R	B	N	R
G	M	I	N	A	P	A	E	A	I	I	H
A	A	G	Ó	R	U	R	C	C	A	O	B
T	S	B	L	P	A	T	P	H	N	A	A
R	Ú	A	M	R	R	H	M	E	O	D	E
Á	T	S	N	I	Í	Ó	T	D	L	A	F
M	S	T	Á	Ú	F	P	M	A	L	É	B
F	Ó	M	D	F	L	M	F	Í	S	C	Ú

Aibreán (April)	Iúil (July)
Aoine (Friday)	Luan (Monday)
Céadaoin (Wednesday)	Lúnasa (August)
Domhnach (Sunday)	Máirt (Tuesday)
Eanáir (January)	Márta (March)
Earrach (Spring)	Nollaig (December)
Feabhra (February)	Samhain (November)
Fómhair (Autumn)	Satharn (Saturday)



J.K. Rowling

Tá leagan Gaeilge dá céad leabhar 'H.P. and the Philosopher's Stone' (H.P. agus an Órchloch) tugtha amach le 262 leathanach ann - rud a léiríonn gur féidir leis an Ghaeilge tabhairt faoi ábhar ar bith.

## J.K. Rowling

Is scríbhneoir í J.K. Rowling a bhfuil cáil bainte amach aici di féin as an tsraith leabhar 'Harry Potter' a scríobh, a bhfuil breis is ceithre céad milliúin cóip díolta de. Rugadh sa bhliain 1965 í i nGloucestershire, Shasana, áit ar chaith sí a óige. Mar a chuireann sí síos air ar a suíomh idirlín, ba é ar aistear traenach a rith an chéad smaoinemh léi faoi 'Harry Potter'. Scríobh sí a céad leabhar - 'Harry Potter and the Philosopher's Stone' sa bhliain 1997 agus rinneadh scannán de i 2001. Bhí sé leabhar eile ina dhiaidh sin - *Harry Potter and the Chamber of Secrets, Harry Potter and the Prisoner of Azkaban, Harry Potter and the Goblet of Fire, Harry Potter and the Order of the Phoenix, Harry Potter and the Half-Blood Prince* agus *Harry Potter and the Deathly Hallows*. Do tharraing na leabhair an-mheas uirthi mar scríbhneoir leabhar samhlaíochta do pháiste (agus daoine fásta?). Ghnóthaigh J.K. Rowling neart duaiseanna ó ollscoileanna agus institiúidí éagsúla ar fud na háite. I 2009 mar shampla bhronn an tUachtarán Nicolas Sarkozy an 'Légion d'honneur' uirthi. Tá leabhar nua foilsithe aici nach mbaineann le Harry Potter darb ainm 'The Casual Vacancy' agus gan aon amhras d'éirigh le sin freisin. Bímis go léir ag brionglóideach ar bheith cáiliúil le slám mór airgid sa bhanc againn agus is dócha go raibh an fhís nó an smaoinemh céanna sin ag an bhean óg seo roimh éirí ina scríbhneoir di. B'fhéidir go bhfuil spreagadh dúinn ansin. Tá bua éigin ag gach éinne ach é a aimsiú.

## OIDEAS BIA: Císte Úill agus Sabhdánaigh (Apple and Sultana Cake)

### Comhábhair (Ingredients)

350g Plúr féin-ardú Odlum (*Odlums self-raising flour*)  
 150ml / ¼ pionta ola lusa na gréine (*pint of sunflower oil*)  
 175g / 6u siúcra donn órga (*6 oz. golden brown sugar*)  
 3 uibheacha (coipthe) (*3 eggs 'beaten'*)  
 1 spúnóg-tae cinéil (*1 teaspoon cinnamon*)  
 75g / 3u sabhdánaigh (*75g sultanas*)  
 3 úll milis e.g. Granny Smith - iad scafa, díchroíthe, agus díslithe i ngiotaí beaga (*3 eating apples e.g. Granny Smith - peeled, cored, and diced into small pieces*)

1. téigh an t-oigheann roimh ré go 180°C / 350°F / Gás 4. Smear an bun líne canna stáin 8" cearnach go héadrom, ar dhoimhneacht 2" (*lightly grease and base line 8in. square - 2in. deep tin*)
2. doir an ola lusa na gréine i babhla agus cuir an siúcra isteach agus coip iad go dtí go bhfuil siad meascáithe go maith (*pour the sunflower oil into a bowl and beat until well blended*)
3. coip isteach na huibheacha go mall go dtí go bhfuil an meascán méidithe i dtoirt. Ansin cuir isteach an plúr scagtha agus cineal agus measc go mall isteach sa mheascán leathaigh. (*gradually beat in the eggs until the mixture has increased in volume. Next, add the sieved flour and cinnamon and gently stir into the liquid mixture.*)
4. faoi dheireadh, cuir isteach na sabhdánaigh agus úlla díslithe agus measc go beacht. Beidh an meascán an-righin ag an bpointe seo. (*Finally, add the sultanas and diced apples and mix very thoroughly. The mixture will be very stiff at this stage.*)
5. aistrigh chuig an stáin ullmhaithe agus bruith ar feadh thart ar uair a'chlog go dtí go bhfuil sé donn órga agus go dtagann scian amach sách glan on gcíste, tar éis a bheith sáite isteach ann!. (*transfer to pre-prepared tin and bake for about an hour until golden brown and a knife inserted into the cake comes out clean!*)
6. Fág an císte sa stáin ar feadh 10 nóiméd beagnach agus ansin cas ar sreang-trádaire é chun é a fhúarú go maith (*leave cake in tin for about 10 minutes and then turn over onto a wire tray to cool completely*)(*leave cake in tin for about 10 minutes and then turn over onto a wire tray to cool completely*)

**Nóta:** is féidir an císte a leagan te le gamba uachtair i ndiaidh béile. Tá sé fíorbhlasta freisin mar císte taise tugtha fuar i slisíní (*Nóta: cake can be served warm with a dollop of cream after a meal. It is also a very nice moist cake served cold in slices.*)



## JACK MC CAFFREY - "RÉALTA PEILE NA DUBS"

Laoch imeartha ag Jack McCaffrey é Tomás Ó Sé a d'éirigh as an chaid ar fad le déanaí. "Ba phribhléid dom bheith ar aon pháirc le Tomás," a deir duine de laochra óga nua Bhaile Átha Cliath agus muid i gcomhrá i dtábhairne 'The Yacht' i gCluain Tarbh. Ábhar dochtúra é Jack i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ar nós scata d'iománaithe agus de pheileadóirí atá tar éis 'pléascadh' os ár gcomhair, tá todhchaí gheal roimhe sa spórt.

I gCluain Tarbh Bhrian Bhorú i dtuaisceart na cathrach a rugadh Jack, duine de cheathrar clainne Noel agus Deirdre McCaffrey, ar dochtúirí iad beirt. I nGaelscoil Neasáin i mBaile Harmain a fuair sé a chuid bunoidreachais, agus cuimhní geala aige ar an múinteoir Shane Ó Foghlú á spreagadh chun imeartha. Ach is do Chlub Chluain Tarbh a thug sé a dhílseacht ainneoin nasc láidir idir an scoil agus Club Scoil Uí Chonaill. Fuair sé an gloach ó Dessie Farrell le himirt leis an chontae mar mhionúr agus tá sé buíoch de Dessie.

Imrionn sé in ionaid éagsúla sa chlub agus sa choláiste, mar leath-thosaí, i lár na páirce agus mar leathchúlaí lair ach is mar leathchúlaí ar chlé atá sé go buan lonnaithe le foireann an chontae. Tuigtear dó gur chun tairbhe dó imirt in ionaid éagsúla agus taithí a fháil ar na riachtanais dhifriúla a bhaineann leo. cót



i bhfad ar dheis - Ar cuairt le 'Sam' chuig Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill.

## PEIL MHEIRICEÁNACH (AMERICAN FOOTBALL)

Dá luafaí an 'All Ireland' bheadh fhios ag chuile dhuine gach a bhí i gceist ach cad faoin 'Superbowl'? Is do pheil Mheiriceánach - lá mór spóirt clainne sna Stáit, a bheidís ag tagairt. Is cluiche é seo nach dtuigeann go leor daoine ach tá an prionsabal simplí go leor: tá foireann amháin ann ach bíonn dhá chuid de - an '*offence*' agus an '*defence*'. Bíonn ceithre dheis ag an '*offence*' an liathróid a bhogadh ar aghaidh deich slat agus is é tasc an '*defence*' é sin a chosc. Mura bhfaigheann an '*offence*' na deich slat, fágann siad an pháirc agus tagann an fhoireann eile isteach. Anois a mhalairt an scéal - bíonn an liathróid ag an fhoireann eile (an '*offence*' nua) agus bíonn orthusan na deich slat a fháil. Má fhaigheann siad na deich slat coimeádann siad an liathróid agus is mar sin a théann siad suas an pháirc, ar thóir deich slat i ndiaidh deich slat agus iad ag dul i dtreo an '*end zone*' - áit a scorálar '*touchdown*'. Maireann cluiche go hoifigiúil ar feadh seasca nóiméad ach toisc go mbíonn an oiread sin teacht agus imeacht d'fhéadfadh cluiche leanúint ar feadh trí huaire a 'chlog nó níos mó fiú! Tá an cluiche roinnte i gceathair ceathrú de 15n. an ceann. Stadann an clog ag deireadh gach ceathrú agus freisin nuair a bhíonn '*offence*' nua ag teacht ar an bpáirc agus rud neamhchosúil leis an sacar, stadann an clog chomh maith nuair a théann an liathróid thar an taobhlíne nó thar theorainn. Nuair a thuigeann tú rialacha an chluiche agus nuair a bhíonn fhios agat cad a mbíonn ag tarlú, bíonn tú gafa leis go deo as sin amach. Beidh Superbowl XLVIII (48) á chraoladh ar RTÉ 2 ar an Domhnach, 2 Feabhra déanach san oíche. Sa tír seo tá an Irish American Football Association ann le sé foireann déag ó thuaidh agus ó dheas. Bíonn an mhacasamhail den Superbowl acu ar a dtugtar an '*Shamrock Bowl*'. Tá gach eolas ar fáil ar an suíomh idirlín: [www.iafa@americanfootball.ie](http://www.iafa@americanfootball.ie)

